RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1305 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Iúil 2022

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreinge molaibdéinim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ("an bun-Rialachán") ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Athbhreithnithe a rinneadh cheana agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Cuireadh bearta frithdhumpála ar allmhairí sreinge molaibdéinim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín" nó "an tír lena mbaineann") i dtús báire in 2010 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 511/2010 ón gComhairle ([2]) ("na bearta bunaidh"). Tugtar "an t-imscrúdú bunaidh" ar an imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh dá bharr. Dleachtráta ad valorem 64,3 % a bhí sna bearta bunaidh.

(2) In 2012 agus 2013, tar éis dhá imscrúdú frith-imchéimniúcháin, leathnaíodh na bearta bunaidh sa chéad dul síos chun allmhairí sreinge molaibdéinim arna gcur chun bealaidh ón Malaeisia a chumhdach ([3]), agus sa dara dul síos chun go gcumhdófaí allmhairí sreinge molaibdéinim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm ([4]). An 30 Deireadh Fómhair 2015, tar éis an tríú himscrúdú frith-imchéimniúcháin, leathnaíodh na bearta chun go gcumhdófaí sreang mholaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 4,0 mm ach nach mó ná 11,0 mm ([5]).

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) OJ L 150, 16.6.2010, p. 17.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 14/2012 ón gComhairle an 9 Eanáir 2012 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (AE) Uimh. 511/2010 ar allmhairí sreang molaibdéinim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí sreang molaibdéinim áirithe arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú i ndáil le hallmhairí arna gcur chun bealaigh ón Eilvéis (IO L 8, 12.1.2012, lch. 22).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 871/2013 ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2013 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (AE) Uimh. 511/2010 ar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,95 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 243, 12.9.2013, lch. 2).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1952 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2015 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (AE) Uimh. 511/2010 ón gComhairle ar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,95 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 284, 30.10.2015, lch. 100).

(3) Na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, forchuireadh an 30 Meitheamh 2016 iad le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1046 ón gCoimisiún ([6]) tar éis athbhreithniú éaga ("an t-athbhreithniú éaga roimhe seo").

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(4) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([7]), fuair an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ("an bun-Rialachán").

(5) Is é Plansee SE ("an t-iarratasóir") a bhfuil breis agus 25 % de tháirgeacht iomlán sreang molaibdéinim áirithe san Aontas aige, a chuir an iarraidh isteach an 23 Márta 2021 thar ceann thionscal sreinge molaibdéinim an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís agus go dtarlóidh díobháil arís do thionscal an Aontais.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(6) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 28 Meitheamh 2021 maidir le teacht isteach san Aontas na n-allmhairí sreinge molaibdéinim de tionscnamh na Síne, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([8]) ("an Fógra Tionscnaimh").

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 ("tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe"). Leis an imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Sa bhreis air sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don iarratasóir agus don dara táirgeoir aitheanta de chuid an Aontais, do na húsáideoirí aitheanta agus d'údaráis na Síne freisin, gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.6. **Sampláil**

(10) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

(a) *Níor sampláladh táirgeoirí an Aontais*

(11) San Fhógra Tionscnaimh, níor chuir an Coimisiún sampláil i bhfeidhm, ach d'iarr sé ar an dá tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais, eadhon Plansee SE agus Osram GmbH, freagraí a thabhairt ar an gceistneoir le linn na tréimhse sonraithe.

([6]) IO L 170, 29.6.2016, lch. 19.
([7]) IO C 327, 5.10.2020, lch. 18.
([8]) IO C 251, 28.6.2021, lch. 17.

(b) *Sampláil na n-allmhaireoirí*

(12) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(13) Níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn chun an fhaisnéis a iarraidh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthair.

(c) *Sampláil na dtáirgeoirí sa tSín*

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta a dhéanann sreang mholaibdéinim sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr sé ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile a shainaithint, má ba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Níor tugadh aon fhreagra, áfach.

(15) Dá dhroim sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go raibh sé beartaithe aige, in éagmais an chomhair, dul i muinín na bhfíoras bhí ar fáil, de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán, agus scrúdú a dhéanamh aige ar leanúint nó ar atarlú na dumpála. Níor thug údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne aon fhreagra.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(16) Ceistneoirí le haghaidh na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, mar aon leo siúd le haghaidh allmhaireoirí, úsáideoirí agus táirgeoirí onnmhairiúcháin, cuireadh ar fáil ar líne iad lá an tionscnaimh.

(17) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(18) Fuarthas freagra ar an gceistneoir ó tháirgeoir amháin de chuid an Aontais, Plansee SE, arb é an t-iarratasóir é freisin agus a bhfuil [86-94 %] de mhéid iomlán na ndíolachán atá ag tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais.

(19) An 24 Meitheamh 2021, léirigh t-aon táirgeoir eile de chuid an Aontais, gur mhian leis a bheith neodrach san imscrúdú agus níor thug sé freagra ar an gceistneoir.

(20) Níor thug Rialtas na Síne ná aon táirgeoir sa tSín freagra ar an gceistneoir.

(21) Cuireadh ceistneoir maicreacnamaíoch chuig Plansee SE an 15 Samhain 2021, agus fuair an Coimisiún an freagra air an 29 Samhain 2021.

(a) *Fíorú*

(22) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheas sé a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís, agus maidir le leas an Aontais. Rinneadh cuairt fíorúcháin amháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitreabh an táirgeora de chuid an Aontais, Plansee SE, an Ostair.

(b) *An nós imeachta ina dhiaidh sin*

(23) An 9 Meitheamh 2022, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil ar bun.

(24) Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh. Ní bhfuarthas aon bharúil.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(25) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh agus san athbhreithniú éaga roimhe seo, eadhon sreang mholaibdéinim, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,5 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8102 96 00 ("an táirge faoi athbhreithniú").

(26) An táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne, nach gcuirtear chun bealaigh ón Malaeisia, tá sé faoi chód TARIC 8102 96 00 19 faoi láthair. An táirge faoi athbhreithniú a gcuirtear chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia é nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chód TARIC 8102 96 00 11, níor dhearnadh imscrúdú air ós rud é nach raibh sé mar chuid den sainmhíniú ar an táirge san imscrúdú bunaidh.

(27) Is sa tionscal mótarfheithiclí is mó a úsáidtear sreang mholaibdéinim, mar shampla i bhfáinní sioncrónaithe i ngluaisteáin a bhfuil giarbhosca láimhe iontu.

2.2. An táirge comhchosúil

(28) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, agus san athbhreithniú éaga roimhe seo freisin, is comhionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge comhchosúil ó thaobh a saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla de, Dheimhnigh imscrúdú an athbhreithnithe éaga gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na úsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú, de thionscnamh na Síne, nach gcuirtear chun bealaigh ón Malaeisia;

— an táirge a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre na Síne agus

— an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

(29) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. Réamhbharúlacha

(30) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh le hallmhairí sreang molaibdéinim de thionscnamh na Síne, bíodh go raibh siad á n-allmhairiú ar leibhéil níos ísle ná mar a bhí i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin san athbhreithniú éaga roimhe seo.

(31) Mar a luaitear in aithris (20), níor chomhoibrigh aon táirgeoir ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú.

(32) Dá bhrí sin, an 16 Iúil 2021, chuir an Coimisiún údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne ar an eolas go bhféadfaidh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an rún a bhí aige dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(33) Dá bharr sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, is ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil a bunaíodh iad, go háirithe an fhaisnéis san iarraidh ar an athbhreithniú éaga, i gcomhar le foinsí eile faisnéise, cuir i gcás staitisticí maidir le hallmhairí agus onnmhairí (Comext (Eurostat), Dun & Bradstreet ([9]), Global Trade Atlas ("GTA") ([10]).

([9]) Dun & Bradstreet (D&B): https://sso.dnb.com/
([10]) https://www.gtis.com/gta/

3.2. **Leanúint de dhumpáil na n-allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe**

3.2.1. *Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.*

(34) Ós rud é gur leor an fhianaise a bhí ann tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú lena thaispeáint, a mhéid a bhain le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(35) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach líomhnaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(36) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, an 16 Iúil 2021, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(37) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil tráth an tionscnaimh, gur tír ionadaíoch féideartha a bhí sa Tuirc chun an gnáthluach a chinneadh le haghaidh na Síne ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(38) An 10 Márta 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ("an Chéad Nóta") faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun sreanga molaibdéinim a tháirgeadh. Maidir le rogha na tíre ionadaíche, thug an Coimisiún faoi dearna nár táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú ach i ndornán tíortha ar fud an domhain ([11]) agus nár sainaithníodh ach an Téalainn mar thír a bhfuil leibhéal céanna forbartha eacnamaíche inti agus atá sa tSín. Mar sin féin, maidir leis an Téalainn, ní raibh faisnéis leordhóthanach ar leibhéal na cuideachta ar fáil go héasca chun costais díola ghinearálta agus riaracháin (costais SGA) agus an brabús a shuí.

(39) Ó tharla nárbh fhéidir leis an gCoimisiún ná leis an iarratasóir tír ionadaíoch a raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche inti agus atá sa tSín a shainaithint, tír ina dtáirgtear an táirge lena mbaineann agus a raibh an fhaisnéis uile ba ghá ar fáil ina leith, rinne an Coimisiún iarracht tír ionadaíoch iomchuí a aimsiú, tír ina raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche inti agus atá sa tSín, ina dtáirgtear táirge comhchosúil, sa chatagóir nó san earnáil ghinearálta chéanna, ach ní raibh sé in ann aon táirge den sórt sin a shainaithint. Sa bhreis air sin, níor mhol aon pháirtí leasmhar tír ionadaíoch iomchuí ina raibh an leibhéal céanna forbartha eacnamaíocha inti agus atá sa tSín, ina dtáirgtear an táirge faoi athbhreithniú, sin nó ina dtáirgtear táirge atá cosúil leis. Dá bhrí sin, sa Chéad Nóta mhol an Coimisiún an India go heisceachtúil mar fhoinse fhéideartha sa bhreis ar an Téalainn chun praghsanna agus tagarmharcanna neamhshaofa a shuí agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt. Níor thug ach iarratasóir amháin barúil maidir leis an nóta sin.

(40) An 29 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ("an Dara Nóta") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, gurbh fhoinse ábhartha í an India, agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil.

([11]) An Ostair, an tSín, an Ghearmáin, an India, an Téalainn agus SAM.

3.2.2. *Gnáthluach*

(41) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(42) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "más rud é go gcinntear […], nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa" agus "áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús"

(43) Mar a mhínítear thíos tuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.3. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

3.2.3.1. Gnáthluach

(44) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil tungstain i nDaon-Phoblacht na Síne ([12]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Táirgeann formhór na dtáirgeoirí molaibdéinim tungstan ina monarchana freisin. Thairis sin, tá saintréithe ceimiceacha comhchosúla agus úsáidí tionsclaíocha comhchosúla ag an tungstan agus ag an molaibdéineam. Mar a phléitear a thuilleadh thíos, sa bhreis ar an saobhadh suntasach córasach a bhfuil tionchar aige ar na tosca táirgeachta go léir sa tSín, léirigh an t-imscrúdú go ndéantar trácht do thungstan agus do mholaibdéineam le chéile de ghnáth i ndoiciméid phleanála agus treoraíochta na Síne. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú sin gur ar bhonn na fianaise ar bhí ar fáil, ba iomchuí freisin Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

(45) Sna himscrúduithe sin a rinneadh le déanaí maidir le tungstan, rinne an Coimisiún amach gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([13]). Go háirithe, sa bhreis ar an saobhadh córasach sin a dhéanann difear do gheilleagar na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gurbh ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán ([14]) ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc, den bhun-Rialachán ([15]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go mbíonn éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([16]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí leictreoidí tungstain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 200, 29.7.2019, lch. 4).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 95-96.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 56-60.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 61-64.: An ceart atá ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, ceart dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gurb ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí an pháirtí. Roimhe seo, ní léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne, ar bhonn prionsabal polaitiúil, na héilimh atá aige ar chinntí gnó a bheith faoina smacht i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí [an táirge faoi athbhreithniú] agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 65-73.

Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([17]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil tungstain de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([18]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain sa tSín ([19]).

(46) Faoi mar a rinneadh san imscrúdú roimhe seo maidir leis an earnáil alúmanaim sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo ar mholaibdéineam lena fháil amach an iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b), den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh, agus sa tuarascáil tíre ón gCoimisiún maidir saobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne chomh maith ([20]) ("an Tuarascáil"), ar rud í a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear earnáil an táirge faoi athbhreithniú. Rinne an Coimisiún na heilimintí fianaiseacha sin a fhorlíonadh tuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a suíodh in imscrúduithe eile a rinne sé ina leith sin roimhe seo.

(47) Rinneadh tagairt san iarraidh sa chás seo don Tuarascáil, go háirithe do thionchar stát na Síne ar thionscal na miotal neamhfheiriúil, lena n-áirítear an tionscal molaibdéinim tríd an 13ú Plean 5 Bliana um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Dhaon-Phoblacht na Síne (an 13ú Plean Ginearálta 5 Bliana) agus an 13ú Plean 5 Bliana um Thionscal na Miotal Neamhfheiriúil (an 13ú Plean Neamhfheiriúil 5 Bliana). Thairis sin, luaitear san iarraidh gur ar bhonn an tionscnaimh "Déanta sa tSín 2025", tá an tionscal molaibdéinim incháilithe chun maoiniú stáit nach beag a fháil. Tagraítear san iarraidh do chistí airgeadais sonracha a chruthaigh stát na Síne chun tacú leis an tionscal molaibdéinim (Banc Forbartha na Síne, an Ciste Cuarda Comhtháite Náisiúnta, an Ciste Ardmhonaraíochta, cistí éagsúla arna mbunú ag rialtais áitiúla agus maoiniú chun tacú le monaróirí agus chun iad a athstruchtúrú arna sholáthar ag China Reform Holdings). Thairis sin, liostaítear san iarraidh mar eiseamláir, dhá chuideachta sa tionscal molaibdéinim a thairbhigh den mhaoiniú stáit: Jiduicheng Molybdenum agus Xiamen Tungsten, mátharghnóthas Xiamen Honglu Tungsten.

(48) San earnáil molaibdéineam, is ann do chuid mhór úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne san earnáil alúmanaim fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc, den bhun-Rialachán. Roinnt de na tairgeoirí is mó, is táirgeoirí faoi úinéireacht an Stáit iad. Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn tháirgeoirí príobháideacha agus táirgeoirí faoi úinéireacht stáit a dhearbhú i gcás táirgeoirí sreinge molaibdéinim. Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú gur cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad roinnt mórtháirgeoirí in earnáil na sreinge molaibdéinim. Áirítear orthu siúd Jinduicheng Molybdenum, Xiamen Honglu Tungsten. Chengdu Hongbo Industrial agus Luoyang Hi-tech Molybdenum & Tungsten Material.

(49) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe gurbh ann do naisc phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne, amhail comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne a bheith i measc na bainistíochta sinsearaí nó i measc chomhaltaí bhoird stiúrthóirí i roinnt cuideachtaí a mhonaraíonn an táirge faoi athbhreithniú. Mar shampla, in Jinduicheng Molybdenum, is Rúnaí Choiste an Pháirtí é Cathaoirleach Bhord na Riarthóirí san am céanna, is Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí é an Bainisteoir Ginearálta, agus is Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí é an Rúnaí um Choimisiún Disciplín san am céanna ([21]). In Xiamen Honglu Tungsten, is comhalta de Pháirtí Cumannach na Síne é cathaoirleach bhord na cuideachta sealbhaíochta faoi úinéireacht stáit ([22]). Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí in earnáil na sreinge molaibdéinim faoi réir maoirseacht bheartais agus faoi réir treorú.

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 74-77.
([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 78-80.
([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí 81-91.
([20]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20.12.2017, ar fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf
([21]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta le haghaidh sonraí: http://www.jdcmmc.com/INFO-Single/010102.shtml
([22]) https://vip.stock.finance.sina.com.cn/corp/view/vCI_CorpManagerInfo.php?stockid=600549 &Pcode = 30011851&Name=%BB% C6 %B3 %A4 %B8 %FD

(50) Léirítear sna samplaí seo a leanas an treocht thuas maidir le leibhéal méadaitheach idirghabhála Rialtas na Síne in earnáil na sreinge molaibdéinim. Leagann roinnt táirgeoirí an táirge atá athbhreithniú béim go sainráite ar ghníomhaíochtaí tógála páirtithe ar a suíomhanna gréasáin, ar chomhaltaí páirtí i mbainistiú cuideachta agus leagann siad béim ar a gcleamhnacht le Páirtí Cumannach na Síne. Léirigh an t-imscrúdú go raibh gníomhaíochtaí neartaithe Páirtí ar siúl i roinnt de na táirgeoirí sreinge molaibdéinim, lena n-áirítear Chengdu Hongbo Industrial. Sonraíonn monaróir eile, Jinduicheng Molybdenum, an méid seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí neartaithe páirtí ar a shuíomh ghréasáin ([23]): "Cuireadh i bhfios sa chruinniú gur in 2019, chuir coiste Páirtí na cuideachta ceanglais éagsúla an Choiste Páirtí de chuid Ghrúpa Miotal Neamhfheiriúil Shaanxi chun críche go dúthrachtach. (…) dhírigh [Coiste Páirtí na Cuideachta] ar obair lárnach agus chuir an ceannaireacht pholaitiúil forbairt ardchaighdeáin chun cinn; [agus] lean sé de bheith ag rialú na bainistíochta go docht."

(51) Táirgeoir sreinge molaibdéinim eile a bhfuil Coiste Páirtí aige is ea Xiamen Honglu Tungsten. De réir airteagail chomhlachais na cuideachta sealbhaíochta faoi úinéireacht stáit, Xiamen Tungsten, Airteagal 96: "bunaíonn an Chuideachta Coiste Pháirtí Cumannach na Síne de chuid Xiamen Tungsten Industry Co., Ltd. (dá ngairtear Coiste Páirtí na Cuideachta anseo feasta) agus an Coiste Cigireachta Disciplín de chuid Pháirtí Cumannach na Síne in Xiamen Tungsten Industry Co., Ltd. (dá ngairtear Coiste Disciplín na Cuideachta anseo feasta)." De réir Airteagal 98 de na hairteagail chomhlachais, "déanfaidh Coiste Páirtí na cuideachta a chuid dualgas i gcomhréir le "Bunreacht an Pháirtí" agus le rialacháin ionpháirtí eile: (1) Maoirseacht ar phrionsabail agus beartais an Pháirtí agus an Stáit a áirithiú agus cinntí agus socruithe Lárchoiste an Páirtí, na Comhairle Stáit, Choiste Páirtí na Cúige agus Rialtas na Cúige a chur chun feidhme sa chuideachta; (2) Prionsabail bhainistiú an Pháirtí ar na foirne a chomhcheangal a thuilleadh le comhlíonadh an dlí maidir le roghnúchán na mbainisteoirí gnó ag stiúrthóirí an bhoird […]; (3) Athchóiriú, forbairt, agus cobhsaíocht na cuideachta, mar aon le mórábhair bainistithe gnó agus mórábhair a bhaineann le leasanna pearsanta na bhfostaithe a phlé agus staidéar a dhéanamh orthu, agus tuairimí agus moltaí a chur chun chinn; […] (5) Neartú le forbairt eagraíochtaí Páirtí i measc an ghnáthphobail agus foirne de chomhaltaí an Pháirtí san fhiontar" ([24]).

(52) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil na sreinge molaibdéinim lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Tagraítear don tionscal molaibdéinim i roinnt treoirdhoiciméid, rud a léiríonn go bhfaigheann na cuideachtaí a tháirgeann sreang mholaibdéinim tacaíocht ó Rialtas na Sine ([25]). Deimhnítear é sin sna pleananna agus sna treoracha iomadúla agus sna doiciméid eile a bhaineann le molaibdéinim a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. Tagraítear do mholaibdéineam sna doiciméid seo a leanas mar shampla:

— 13ú Plean 5 Bliana um acmhainní mianracha;

— 13ú Plean 5 Bliana um thionscal na miotal neamhfheiriúil;

— An Plean um Acmhainní Mianracha 2016-2020;

— *Catalóg 2016 maidir le réimsí ardteicneolaíochta tábhachta a fhaigheann tacaíocht ón Stát* ([26]), tagraítear do mholaibdéineam i Roinn IV.1.3 Ábhair nua – Ithreacha annamha;

— Leagan 2019 den Chatalóg Threorach maidir le coigeartú struchtúrach an tionscail, tagraítear do mholaibdéineam i gCuid II: tionscail shrianta, Roinn 7.1- miontail neamhfheiriúla, lch. 87;

Tuairimí Treoracha maidir le hInfheistíocht a Mhéadú i dTionscail Straitéiseacha atá ag Teacht Chun Cinn agus Pointí Fáis Nua agus Moil Fáis a Chothú agus a Neartú, Uimh. 1409 [2020] ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú ([27]), ina sonraítear: "Plean gníomhaíochta le haghaidh nuáil agus forbairt ábhar nua a chur chun feidhme, agus feabhas a chur ar an leibhéal teicneolaíochta a bhaineann le mianadóireacht, bruithniú agus próiseáil domhanleibhéil na n-ithreacha annamha, vanaidiam-tíotáiniam, tungstain-molaibdéinim, litiam, rubaidiam-caeisiam, graifíte agus acmhainní sonracha eile."

([23]) http://www.jdcmmc.com/INFO/10282.shtml
([24]) Airteagail chomhlachais Xiamen Tungsten: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2021/2021-5/2021-05-29/7288169.PDF
([25]) Féach Tuarascáil na Síne, caibidlí ar an 13ú Plean 5 Bliana um acmhainní mianracha agus an 13ú Plean 5 Bliana um thionscal na miotal neamhfheiriúil, lgh. 267-282,
([26]) http://kj.quanzhou.gov.cn/wsbs/xgxz/201703/t20170322_431820.htm
([27]) https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202009/t20200925_1239582.html

Thairis sin, tá molaibdéineam faoi réir rialáil áitiúil ar leibhéal na cúige nó ar leibhéal na cathrach. Mar shampla:

— I dTuairim Cur Chun Feidhme 2017 ó Chúige Heilongjiang maidir le coigeartuithe struchtúracha agus gnóthachain éifeachtúlachta i dtionscal na miotal neamhfheiriúil ([28]), luaite an méid seo a leanas: "Slabhra tionscail molaibdéinim: Dírigh ar Shléibhte móra agus beaga Xing'an, ardaigh leibhéal forbartha agus úsáide mhianach molaibdéinim Luming agus forbair bruithniú iartheachtach mar aon le táirgí scagtha agus domhanphróiseáilte a luaithe is féidir. Cuir réamhobair an Mhianaigh Molaibdéinim in Chalukou, Sléibhte Daxingan chun cinn mar aon le réamhfhorbairt agus úsáid na n-acmhainní. Neartaigh an t-eagrú agus an comhordú, dírigh ar thógáil na dtionscadal bruithnithe molaibdéinim sa Páirc Thionsclaíoch um Dhianphróiseáil Acmhainní Mianracha in Tieli, agus forbair príomhtheicneolaíochtaí amhail ullmhóidí púdair molaibdéinim, ullmhóidí trí-ocsaíde nana-molaibdéinim, miotalóireacht chóimhiotail molaibdéinim, táthúchán, agus aisghabháil agus úsáid catalaíoch tionsclaíoch; forbair táirgí domhanphróiseáilte amhail iarann molaibdéinim, ocsaíd mholaibdéinim, plátáil aigéid mholaibdéinim, barraí molaibdéinim, sreanga molaibdéinim, táirgí bratúcháin púdair ultra-mhín de mhiotal molaibdéinim, molabdáit amóiniam; cuthaigh slabhra tionscail um mhianadóireacht molaibdéinim agus um phróiseáil chóiriú an mholaibdéinim agus bhruithniú an mholaibdéinim. Ba cheart do Rialtas Cathrach Yichun agus Riarachán Réigiúnach Daxingan a bheith ar thús cadhnaíochta."

— I bPlean 5 Bliana Chúige Shaanxi um fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta ([29]), sonraítear ar leathanaigh 31-32: "Déan tionscail thraidisiúnta a athchóiriú agus a uasghrádú: Cuir próiseáil domhanleibhéil na miotal lómhar amhail tíotáiniam, molaibdéineam, alúmanam chun cinn", agus ina theannta sin: "Déan príomhchathair an mholaibdéinim de Weinan (Shaanxi)".

— I gCatalóg 2020 NDRC maidir le tionscail spreagtha sna Réigiúin Thiar ([30]), liostaítear na tionscail seo leanas mar thionscail spreagtha i gcúige Sichuan: "táirgí tungstain agus molaibdéinim, agus ábhair sreinge tungstain agus molaibdéinim".

(53) Mar is féidir a fheiceáil ó na samplaí thuas, treoraíonn Rialtas na Síne forbairt earnáil na sreinge molaibdéinim de réir réimse leathan uirlisí beartais agus treoracha agus rialaíonn sé beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála. Dá bhrí sin, tairbhíonn tionscal na sreinge molaibdéinim de threoraíocht agus idirghabháil ón Rialtas maidir leis an bpríomh-amhábhar, eadhon ocsaíd mholaibdéinim.

(54) Sa bhreis ar an méid thuas, baineann táirgeoirí na sreinge molaibdéinim tairbhe as fóirdheontais stáit, rud a léiríonn go soiléir go bhfuil leas ar leith ag an Stát san earnáil seo. Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún go raibh roinnt tairgeoirí sreinge molaibdéinim ag tairbhiú d'fhóirdheontais dhíreacha ón stát. Áirítear orthu siúd Xiamen Honglu Tungsten ([31]) agus Luoyang Hi-tech Molybdenum & Tungsten Material ([32]).

(55) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear molaibdéineam a tháirgeadh mar an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin bac ar ghnáthoibriú fhórsaí an mhargaidh.

(56) Cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc, den bhun-Rialachán, san earnáil dá dtagraítear thuas in aithris (45), níor tháinig an t-imscrúdú ar aon fhianaise lena léiriú nach mbeadh tionchar ag an méid sin ar mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(57) Ina theannta sin, tá an earnáil molaibdéinim faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (45) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach (nuair atá rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir i gceist ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

([28]) https://www.hlj.gov.cn/n200/2017/0525/c75-10829703.html
([29]) https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dffzgh/201606/P020191104643472060002.pdf
([30]) http://www.gov.cn/gongbao/content/2021/content_5598119.htm
([31]) Féach leathanach 238 de thuarascáil bhliantúil na gcuideachta sealbhaíochta Xiamen Tungsten http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2021/2021-3/2021-03-31/7001827.PDF (an 16 Bealtaine 2022 an uair dheireanach a breathnaíodh air).
([32]) Féach leathanach 139 de thuarascáil bhliantúil 2020.

(58) Thairis sin, níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú sin a léiríonn nach ndéanann idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais difear don earnáil molaibdéinim de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den Rialachán bunúsach, dá dtagraítear freisin thuas in aithris (45). Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstaintiúil an rialtais sa chóras airgeadais.

(59) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin a cheannach nó conradh a dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa; féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil; agus bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus gach earnáil.

(60) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh caipitil, talamh, lucht saothair, fuinneamh agus amhábhair, is ann do na hidirghabhálacha sin ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá d'ionchur an ionchuir agus mar sin de.

(61) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú seo aon fhianaise ná argóint a bhréagnódh na torthaí thuasluaite.

(62) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás seo. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a pléadh sa roinn a leanas.

3.2.4. *An tír ionadaíoch*

3.2.4.1. Barúlacha ginearálta

(63) Is ar bhonn na gcritéar seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a bhunófar roghnú na tíre ionadaíche, i gcás inarb iomchuí:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([33]);

— Táirgeacht an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([34]);

— Infhaighteacht sonraí a bhfuil fáil éasca orthu sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

([33]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncaim, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([34]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

(64) Mar a mhínítear in aithrisí (38)-(40), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara Nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an India a úsáid ina foinse iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.4.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne

(65) Sa Chéad Nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún an India agus an Téalainn. Is tír ard-mheánioncaim í an Téalainn de réir aicmiú an Bhainc Dhomhanda, agus tá an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche inti agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda. Mar sin féin, ní raibh an Coimisiún in ann ach tairgeoir sreinge molaibdéinim amháin a shainaithint sa Téalainn agus ní raibh an fhaisnéis ba gha ar fáil go héasca. Is tír íseal-mheánioncaim í an India de réir aicmiú an Bhainc Dhomhanda. D'aimsigh an Coimisiún ar a laghad 18 gcuideachta Indiacha a bhí i mbun páirt-táirgeadh na sreinge molaibdéinim agus da bhrí sin, chinn sé measúnú breise a dhéanamh féachaint an bhféadfaí an India a úsáid, go heisceachtúil, mar fhoinse chun costais agus praghsanna neamhshaofa a shuí.

(66) Níor thug ach an t-iarratasóir barúil maidir leis an Nóta sin, agus cé nár chuir sé i gcoinne úsáid na hIndia chun costais agus praghsanna neamhshaofa a shuí, mhaígh sé freisin go bhféadfadh an Ostair, an Ghearmáin agus SAM a bheith ina dtíortha ionadaíocha. Luaigh an Coimisiún áfach gur tíortha ardioncaim iad na tíortha sin de réir an Bhainc Dhomhanda. Ar an taobh eile, tá an India cáilithe mar thír íseal-mheánioncaim agus dá bhrí sin tá leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá níos ísle ná an tSín, i dtíortha íseal-mheánioncaim amhail an India, is dócha go mbíonn tosca táirgeachta níos ísle ná mar atá i dtíortha a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche níos airde iontu, amhail an tSín. Dá thoradh sin, is dócha go bhfaighfear gnáthluach, agus corrlach dumpála dá bhrí sin, atá níos lú ná mar atá. Mar sin féin, ó tharla gur athbhreithniú éaga atá san imscrúdú seo ina bhfuil an cheist an dócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís beag bearr ar an leibhéal iarbhír, mheas an Coimisiún go bhféadfaí a mheas go heisceachtúil gur foinse iomchuí i an India le haghaidh na gcostas agus na bpraghsanna neamhshaofa cé gur dócha go measfaí ríomh an ghnáthluacha faoina luach dá bharr. I dtaca leis sin, thug an Coimisiún dá aire maidir leis an ngnáthluach a bunaíodh ar bhonn an chur chuige an-choimeádach sin, gur léiríodh dumpáil shuntasach cheana féin mar is léir ón gconclúid in aithris (87) thíos. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár ghá féachaint ar roghanna malartacha eile mar sin.

3.2.4.3. Infhaighteacht na sonraí ábhartha san India

(67) Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na sonraí ábhartha uile dá raibh ar fáil sa chomhad maidir leis na tosca táirgeachta san India agus thug an méid a leanas dá aire:

— Ba ann d'allmhairí an ionchuir is gá le haghaidh tháirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, mar a suíodh sa Chéad agus sa Dara Nóta.

— Bhí taraif an tionscail leictreachais i gcomhair thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar fáil i bhfoirm sonraí a sholáthair Coimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra ([35]).

— Is é an Biúró Saothair a fhoilsíonn sonraí saothair san India (i.e. an tuarascáil "Staidreamh Saothair na hIndia, 2017") ([36]), in Maharashtra, ar Stát ionadaíoch é san India.

— Tá ráiteas airgeadais a bhfuil fáil orthu go héasca ag táirgeoir an táirge faoi athbhreithniú san India, WebFill Ltd, agus d'fhéadfaí iad a úsáid mar ráitis ionadaíocha chun méid neamhshaofa réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin (costais SGA) agus le haghaidh na mbrabús.

3.2.4.4. Conclúid maidir leis an India mar fhoinse iomchuí

(68) I bhfianaise na hanailíse thuas, measadh go heisceachtúil gurbh fhoinse iomchuí í an India de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomhair na gcostas agus na bpraghsanna neamhshaofa. Roghnaíodh an chuideachta WebFill Ltd mar fhoinse iomchuí le haghaidh na sonraí airgeadais ba ghá. Thairis sin, chun an gnáthluach a ríomh,

([35]) https://www.merc.gov.in/
([36]) http://www.labourbureaunew.gov.in/showdetail

chinn an Coimisiún GTA a úsáid chun an costas neamhshaofa a shuí le haghaidh ocsaíd mholaibdéinim arb é an amhábhar is ga chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, shonraigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé sonraí oifigiúla na hIndia chun costais neamhshaofa saothair ([37]) agus fuinnimh ([38]) a shuí.

3.2.5. *Tosca táirgthe*

(69) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata, agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir agus na páirtithe leasmhara isteach ina dhiaidh sin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta sreang molaibdéinim

Toisc tháirgeachta	Toisc Tráchtearraí	Foinse na sonraí	EUR/kg de shreang mholaibdéinim tháirgthe
Amhábhair			
Ocsaíd mholaibdéinim	28 25 70 10	Global Trade Alert (GTA) ([39])	32,44
Tomhaltáin			
Uirlisí, páirteanna spártha, soláthairtí, cothabháil, costais léasaithe, bonneagar agus dímheas	[N/BH]	Cuntais airgeadais	Céatadán na gcostas monaraíochta
Saothar			
Saothar	[N/BH]	Staidreamh náisiúnta (Sonraí Bhiúró Saothair na hIndia in Maharashtra), é cros-seiceáilte in aghaidh shonraí an Bhainc Dhomhanda.	0,06
Fuinneamh			
Leictreachas	[N/BH]	Staidreamh náisiúnta/ar leibhéal an Stáit (Coimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra).	2,71

3.2.5.1. Amhábhair

(70) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, de réir mar a sheachadtar ag geata táirgeora de chuid na hIndia iad, d'úsáid an Coimisiún mar bhonn, an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an India mar a thuairiscítear in GTA. Cinneadh praghas allmhairiúcháin san India mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([40]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír iomchuí a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin.

([37]) https://labour.gov.in/annual-reports http://labourbureau.gov.in/Report_PBLS_2017.pdf
([38]) https://www.ciicovid19update.in/uploads/1/3/1/3/131362769/mahrashtra.pdf
([39]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm
([40]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirith (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

(71) Ar an gcaoi chéanna, níor áiríodh sonraí allmhairiúcháin ar allmhairí san India ó thíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ach oiread. Meastar in Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus, agus in aon chás, sonraí diomaibhseacha a bhí sna sonraí allmhairiúcháin sin. Tar éis an tSín a chur as an áireamh, d'fhan na hallmhairí ó thríú tíortha eile de bheith ionadaíoch.

(72) Chun an gnáthluach a bhunú de réir mhodheolaíocht an Choimisiúin, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta agus na n-ábhar eile arna n-allmhairiú isteach san India, chomh maith leis na costais iompair intíre, a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. I bhfianaise chineál imscrúdú an athbhreithnithe éaga seo, atá dírithe ar a dhéanamh amach ar lean an dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe seachas méid beacht na ndumpála a shuí, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe de bharr dleachtanna allmhairiúcháin agus iompar intíre, toisc nach mbeadh de thoradh ar na coigeartuithe sin ach an gnáthluach, agus an corrlach dumpála dá bhrí sin, a mhéadú, agus is mór é cheana féin.

3.2.5.2. Saothar

(73) Foilsíonn Biúró Saothair na hIndia ([41]) sonraí mionsonraithe ar phá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla ar fud na hIndia. Bhain an Coimisiún úsáid as na staitisticí a bhí ar fail, agus de réir na hanailíse is déanaí a foilsíodh maidir le sonraí saothair san India, 118 191 INR de réir na bliana a bhí sa mheánphá íosta in earnáil thionsclaíoch NIC cód 26 "Monarú táirgí miotail réamhdhéanta, seachas innealra agus trealamh", de réir Iarscríbhinn A a ghabhann leis an tuarascáil. Léiríonn na Suirbhéanna Tréimhsiúla ar an Lucht Saothair a dhéanann an Aireacht Staidrimh gur 207 780 INR in aghaidh na bliana bhí sa mheánphá bliantúil in India sa tréimhse is gaire roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach sonraí rialta pá/tuarastail ar leathanach A-265 agus A-266 (372-373) den "Tuarascáil Bhliantúil, PLFS, 2018-19" ([42]). I bhfianaise a bhfuil thuas, d'fhéach an Coimisiún ar chostas saothair 207 780 INR in aghaidh na bliana, mar a suíodh thuas. Is comhionann an méid sin agus 2 800 USD in aghaidh na bliana agus tá sé níos airde ná an meántuarastal san India, lena n-áirítear an earnáil talmhaíochta ([43]), a mbaineann tuairim agus leath den fhostaíocht léi, agus a raibh 2 130 USD in aghaidh na mbliana i gceist leis in 2019 de réir shonraí an Bhainc Dhomhanda ([44]).

3.2.5.3. Leictreachas

(74) Tá 28 stát agus 8 gCríoch Aontais san India ([45]), agus as an méid sin, tá 70 % de mhonarchana na hIndia agus tionscal na monaraíochta tionsclaíche lonnaithe i seacht stát. I measc na seacht stát a bhfuil níos mó tionscal iontu le hais na stát eile, is stát ionadaíoch é Maharashtra chun críoch an imscrúdaithe seo toisc go bhfuil sé ar cheann de na stáit a bhfuil cion níos mó de na monarchana ar an iomlán lonnaithe ann. Ar an mbonn sin, d'úsáid an Coimisiún staidreamh an phraghais leictreachais a d'fhoilsigh Coimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra ([46]). Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe in Maharashtra, 8,50 INR/kWh, i.e. 0,10 EUR/kWh a bhí i dtaraif leictreachais thionsclaíoch a bhí léirithe i bhfoilseachán Choimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra ([47]).

3.2.5.4. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(75) De réir Airteagal 2(6a)(a), an dara fomhír, den bhun-Rialachán, *'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta ar mhaithe leis na costais nár cuimsíodh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach.

(76) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus mar gheall ar chomhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a bheith in easnamh, d'úsáid an Coimisiún fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí san iarraidh, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas

([41]) https://labour.gov.in/annual-reports
([42]) https://cse.azimpremjiuniversity.edu.in/wp-content/uploads/2019/06/Annual_Report_PLFS_2018_19_HL.pdf
([43]) http://datatopics.worldbank.org/jobs/country/india
([44]) https://data.worldbank.org/indicator/
([45]) https://www.india.gov.in/india-glance/profile
([46]) https://www.merc.gov.in/
([47]) https://www.ciicovid19update.in/uploads/1/3/1/3/131362769/mahrashtra.pdf

monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil, ag brath ar an tsamhail a tháirgtear.

(77) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabús agus dímheas, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2020-2021 i gcás WebFill Ltd arna mbaineadh as Dun & Bradstreet agus sonraí an ráitis airgeadais a bhí ar fáil ar shuíomh gréasáin na cuideachta sin ([48]). De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta ar mhaithe leis na costais nár cuimsíodh sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas a chumhdach.

3.2.6. *Ríomh an ghnáthluacha*

(78) De réir an mhéid thuas, is ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha a ríomh an Coimisiún an gnáthluach an táirge faoi athbhreithniú, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(79) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair agus saothar) chun sreang mholaibdéinim a tháirgeadh. D'fhíoraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin, a sholáthair an t-iarratasóir le linn an fhíorúcháin. Ansin, d'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid, mar a suíodh san India é, mar fhoinse chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6)(a) den bhun-Rialachán.

(80) Nuair a suíodh an costas monaraíochta neamhshaofa, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SGA, brabúis agus dímheas i bhfeidhm maidir leis. Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais WebFill Ltd(féach Roinn 3.2.3.1). Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa:

— Forchostais mhonaraíochta agus dímheas (féach aithrisí (75) agus (76)) a raibh 17 % i gceist leo ar an iomlán de chostais na n-ábhar, bunaithe ar na sonraí san iarraidh;

— costas SGA agus costais eile a raibh 16,3 % de chostas na n-ábhar le haghaidh WebFill Ltd i gceist leo; agus

— Brabús a raibh 4,8 % de chostas iomlán an táirgthe i gceist leo, bunaithe ar na brabúis a ghnóthaigh WebFill Ltd.

3.2.7. *An praghas onnmhairiúcháin*

(81) De thoradh na heaspa comhoibrithe, bunaíodh praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Bhain an Coimisiún úsáid as sonraí allmhairiúcháin maidir le hallmhairí Síneacha a tuairiscíodh sa bhunachar sonraí arna bhunú de bhun Airteagal 14(6) den bhun-Rialachán ("bunachar sonraí Airteagal 14(6)") chun praghsanna onnmhairiúcháin a chinneadh.

(82) I bhfianaise méideanna measartha ísle na n-allmhairí Síneacha (níos lú ná 1 % de thomhaltas iomlán an Aontais), rinne an Coimisiún anailís féachaint an bhféadfaí a mheas gur praghsanna iontaofa ionadaíocha a bhí sna praghsanna sin. Maidir leis sin, thug an Coimisiún faoi deara go raibh meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas laistigh den raon praghsanna céanna agus allmhairí Síneacha chuig tríú tíortha eile ar príomhchinn scríbe iad (féach aithris (92) thíos). Thairis sin, agus praghsanna chuig an Aontas ar leibhéal níos ísle, mheas an Coimisiún da bhrí sin, go raibh na praghsanna sin, bíodh go raibh siad bunaithe ar mhéideanna ísle, iontaofa agus ionadaíoch go leor chun bheith mar bhonn le praghas onnmhairiúcháin a shuí le haghaidh ríomh na dumpála.

([48]) WebFill Limited Annual Report 2021 (WebFillindia.com)

(83) Toisc go ndéantar tuairisciú ar na praghsanna sin ar bhonn Costais, Árachais, Last-Táille ("CAL"), rinneadh iad a choigeartú chuig leibhéal an phraghais dhírigh trí mhéid iomchuí a asbhaint le haghaidh costais iompair agus árachais idir Daon-Phoblacht na Síne agus teorainn an Aontais. In éagmais comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, d'úsáid an Coimisiún an céatadán céanna le haghaidh coigeartaithe agus a d'úsáid sé san imscrúdú frithdhumpála bunaidh ([49]) (1,84 %).

3.2.8. *Comparáid*

(84) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas.

(85) I bhfianaise an easpa comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, níorbh fhéidir na cineálacha táirgí a onnmhairíodh ón tSín a chinneadh. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir comparáid a dhéanamh de réir an chineáil táirge.

3.2.9. *Corrlach dumpála*

(86) Mheabhraigh an Coimisiún gur suíodh an corrlach dumpála trí gnáthluach ríofa bunaithe ar sonraí ón India mar fhoinse iomchuí faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i gcomparáid le meánphraghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas, de réir staidrimh, arna gcoigeartú siar go dtí leibhéal an phraghais díreach ón monarcha.

(87) Ríomh an Coimisiún corrlach dumpála 44,98 % ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil.

(88) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

(89) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ligfí do na bearta dul in éag. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas:

(1) An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(2) tarraingteacht mhargadh an Aontais;

(3) an gaol idir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus an leibhéal praghsanna san Aontas; agus

(4) cleachtais imchéimniúcháin.

4.1. **An acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín**

(90) Dar leis an iarraidh, tá acmhainneacht táirgeachta thart ar 3 500 tona ina aghaidh na bliana ag táirgeoirí na Síne, i.e. breis agus a 19 n-oiread thomhaltas iomlán an Aontais.

(91) In éagmais comhar ón tSín, mheas an gCoimisiún an acmhainneacht táirgeachta bhreise sa tSín ar bhonn a thoraidh san imscrúdú athbhreithniúcháin éaga roimhe seo. San imscrúdú sin, shuigh an Coimisiún gur thart ar 20-25 % a bhí i gceist leis an ráta úsáide acmhainneachta. In éagmais aon léiriú ar a mhalairt, ghlac an Coimisiún leis go bhfuil an úsáid acmhainneachta fós mar an gcéanna le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe seo. Ó tharla go meastar gur 3 500 tona atá in acmhainneacht táirgeachta na sreinge molaibdéinim sa tSín, mheas an Coimisiún gur 2 500 tona atá san acmhainneacht bhreise ar laghad, méid ar breis agus a 15 oiread thomhaltas an Aontais é.

([49]) Rialachán (AE) Uimh. 1247/2009 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2009 (IO L 336, 18.12.2009, lch. 16).

4.2. **An gaol idir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus an leibhéal praghsanna san Aontas**

(92) In éagmais comhair ó na táirgeoirí Síneacha, rinne an Coimisiún anailís ar iompraíocht praghsála na Síne ar bhonn staitisticí trádála. Idir 28 agus 41 euro/kg a bhí i bpraghsanna na Síne chuig na príomhchinn scríbe onnmhairiúcháin seachas an Aontais, i.e. an India, an Chóiré agus Vítneam, agus 33,80 euro/kg a bhí i bpraghsanna an Síne chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach aithris (107) thíos). Tá na praghsanna sin i bhfad níos ísle ná na praghsanna a ghearrann tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar a tharlaíonn, 40 euro/kg a bhí i meánphraghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne chuig tíortha seachas an tAontas, rud atá thart ar [25-35] % níos ísle ná an meánphraghas ar mhargadh an Aontais.

4.3. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(93) Mar a mhínítear in aithrisí (150) - (152), tá margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh mhéid agus praghsanna de.

4.4. **Cleachtais imchéimniúcháin**

(94) In 2012 agus 2013, suíodh in dhá imscrúdú imchéimniúcháin go raibh imchéimniú ar siúl trí thrasloingsiú, nó trí mhodhnú beag ar an táirge. Ar an gcéad dul síos, allmhairí sreinge molaibdéinim arna gcur chun bealaidh ón Malaeisia ([50]), agus sa dara dul síos allmhairí sreinge molaibdéinim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm ([51]). An 30 Deireadh Fómhair 2015, tar éis an tríú himscrúdú frith-imchéimniúcháin, leathnaíodh na bearta chun go gcumhdófaí sreang mholaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, 97 % de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 4,0 mm ach nach mó ná 11,0 mm ([52]). Na hiarrachtaí chun na bearta atá i bhfeidhm a imchéimniú, is léiriú é sin ar a tharraingtí atá margadh an Aontais do tháirgeoirí na Síne a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú.

4.5. **Conclúid**

(95) Léirigh an t-imscrúdú go raibh dumpáil ar siúl i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gur dócha go leanfaidh an dumpáil sin má ligtear do na bearta dul in éag. Má théann na bearta in éag, is dócha go dtiocfaidh na hallmhairí dumpáilte isteach san Aontais i méideanna suntasacha i bhfianaise na n-acmhainneachtaí breise sa tSín, agus d'fhéadfaí díolacháin a atreorú ó thríú tíortha eile chuig an Aontas i bhfianaise na bpraghsanna níos airde ar mhargadh an Aontais.

([50]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 14/2012 ón gComhairle an 9 Eanáir 2012 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (AE) Uimh. 511/2010 ar allmhairí sreang molaibdéinim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí sreang molaibdéinim áirithe arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú i ndáil le hallmhairí arna gcur chun bealaigh ón Eilvéis (IO L 8, 12.1.2012, lch. 22).

([51]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 871/2013 ón gComhairle an 2 Meán Fómhair 2013 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (AE) Uimh. 511/2010 ar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,95 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 243, 12.9.2013, lch. 2).

([52]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1952 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2015 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán (AE) Uimh. 511/2010 ón gComhairle ar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,95 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim ina bhfuil de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 284, 30.10.2015, lch. 100).

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(96) Ní dhearnadh mórathruithe struchtúrtha ar thionscal an Aontais ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh agus an t-athbhreithniú éaga is deireanaí roimhe seo. Rinne dhá tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(97) Suíodh gur thart ar [198 000-232 000] kg a bhí i gceist le táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn an gceistneoir maicreacnamaíoch a líon an t-iarratasóir.

(98) Ó tharla gur ón táirgeoir comhoibríoch amháin san Aontais a fuarthas na sonraí a bhain leis an measúnú díobhála go príomha, nó i gcás inarbh infheidhme, measta aige le haghaidh an táirgeora eile de chuid an Aontais nár chomhoibrigh, tá roinnt figiúirí léirithe i bhfoirm innéacsaithe nó i bhfoirm raonta mar gheall ar rúndacht na sonraí ar a bhfuil siad bunaithe.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(99) Suíodh gur [148 000 – 174 000] kg a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais: i) ag cur san áireamh díolacháin iomlána AE thionscal an Aontais mar a thug an t-iarratasóir ina fhreagra ar an gceistneoir maicreacnamaíoch agus ii) méideanna na n-allmhairí isteach san Aontas mar a léirítear i mbunachar sonraí Airteagal 14(6).

(100) Rinneadh tomhaltas an Aontais a fhorbairt mar seo a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (i kg)

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	[208 000-243 000]	[207 000-242 000]	[157 000-184 000]	[148 000-174 000]
Innéacs	*100*	*99*	*76*	*72*

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir maicreacnamaíoch agus ar an gceistneoir micreacnamaíoch agus bunachar sonraí Airteagal 14(6).

(101) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, taifeadadh laghdú mór, is é sin 28 %, ar thomhaltas an Aontais, i gcomparáid le 2017. Níor sonraí fós, laghdaigh sé 1 phointe céatadáin in 2018 agus ansin chaill sé 23 phointe céatadáin in 2019 agus 4 phointe céatadáin eile ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(102) An laghdú ar thomhaltas sreinge molaibdéinim an Aontais, a tugadh faoi deara ó rinneadh an imscrúdú bunaidh agus sa tréimhse faoi bhreathnú freisin, is féidir é a mhíniú go príomha leis na forbairtí teicneolaíochta sa tionscal mótarfheithiclí agus na giaranna uathoibrithe ag teacht in ionad na ngiaranna láimhe de réir a chéile, agus is dóibhsean a úsáidtear sreanga molaibdéinim go príomha.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(103) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ón tSín isteach san Aontas ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil i mbunachar sonraí Airteagal 14(6). Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn méid sin na n-allmhairí mar chéatadán de tháirgeacht iomlán an Aontais.

(104) Seo a leanas mar a bhí forbairt na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (Kg) agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (Kg)	[190-220]	[160-190]	[250-290]	[520-610]
Innéacs	*100*	*84*	*130*	*271*
An sciar den mhargadh	0,1 %	0,1 %	0,2 %	0,4 %
Innéacs	*100*	*84*	*172*	*380*

Foinse: Airteagal 15(6) bunachar sonraí agus freagra fíoraithe ar an gceistneoir maicreacnamaíoch.

(105) Cé gur tháinig méadú 117 % ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tá méideanna an táirge faoi athbhreithniú íseal agus d'fhan sciar an mhargadh de chuid allmhairí na Síne faoi bhun 1 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(106) Mar gheall ar easpa comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn mhéideanna agus luachanna an táirge faoi athbhreithniú maidir leis an tSín, mar a tuairiscíodh i mbunachar sonraí Airteagal 14(6).

(107) Seo a leanas mar a bhí forbairt meánphraghas allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/kg)

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Daon-Phoblacht na Síne	79,05	60,40	33,65	33,80
Innéacs	*100*	*76*	*43*	*43*

Foinse: Bunachar sonraí Airteagal 14.6.

(108) Idir 2017 agus 2019, tháinig laghdú leanúnach agus géar ar phraghas allmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú ón tSín isteach san Aontas, agus laghdú 57 % tagtha air, agus ansin d'fhan sé ar an leibhéal céanna ar feadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé gur íseal iad na méideanna, tá an treocht comhsheasmhach le roinnt blianta anuas, agus contrártha le treocht phraghas an amhábhair freisin, is é sin, praghsanna oscaíde molaibdéinim a bheith ag dul i méid, go háirithe idir 2017 agus 2018-2019 ([53]).

(109) Ghearr an meánphraghas allmhairiúcháin faoi mheánphraghas thionscal an Aontais faoi [52-67 %] le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(110) Mar gheall ar an easpa comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, níorbh fhéidir na cineálacha táirgí a onnmhairíodh ón tSín chuig an Aontas a chinneadh áfach, agus níorbh fhéidir comparáid a dhéanamh ar bhonn cineáil dá bhrí sin.

([53]) Mar a léiríodh in Iarscríbhinn 25 a ghabhann le hiarraidh ar an athbhreithniú éaga agus san fhoinse seo a leanas: https://tradingeconomics.com/commodity/molybden

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne**

(111) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí sreinge molaibdéinim ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Méid (kg)	[340-400]	[240-280]	[90-110]	[380-450]
	Innéacs	*100*	*69*	*27*	*112*
	An sciar den mhargadh	0,2 %	0,1 %	0,1 %	0,3 %
	Innéacs	*100*	*70*	*36*	*157*
	Meánphraghas (EUR/kg)	134,40	96,23	96,14	147,59
	Innéacs	*100*	*72*	*72*	*110*

Foinse: Airteagal 15(6) bunachar sonraí agus freagra fíoraithe ar an gceistneoir maicreacnamaíoch.

(112) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí méid na n-allmhairí sreinge molaibdéinim ó thríú tíortha seachas an tSín le chéile faoi bhun mhéid na n-allmhairí sreinge molaibdéinim ón tSín ina aonair le linn na tréimhse céanna agus d'fhan siad i bhfad faoi bhun sciar margaidh de 1 %. Tháinig cainníochtaí an-bheag ón India agus ó Hong Cong, ón Úcráin agus ó SAM. Bhí praghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha uile i bhfad níos airde ná na cinn a ghearr táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín agus na cinn a ghearr tionscal an Aontais. Is dócha gur amhlaidh atá toisc gur táirgí nideoige speisialaithe iad sin a dhíoltar i gcainníochtaí beaga.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(113) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(114) Na tacair sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún le haghaidh chinneadh na díobhála, bhí siad éagsúil le haghaidh na táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. I gcás na dtáscairí maicreacnamaíocha, bhraith an Coimisiún ar na sonraí a bhí sa fhreagra a thug Plansee SE ar an gceistneoir, agus na sonraí a bhí measta aige le haghaidh an táirgeora eile de chuid an Aontais sa fhreagra ar an gceistneoir maicreacnamaíoch. I gcás na dtáscairí maicreacnamaíocha, bhraith an Coimisiún ar na sonraí a bhí sa fhreagra a thug Plansee SE ar an gceistneoir. Ó tharla go raibh thart ar [86-94] % de dhíolacháin iomlána an Aontais ag Plansee SE i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mheas an Coimisiún go bhfuil an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(115) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(116) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(117) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na táirgeachta (tonaí) (*innéacs*)	*100*	*111*	*75*	*70*
Acmhainneacht táirgeachta (kg) (*innéacs*)	*100*	*100*	*85*	*80*
Úsáid acmhainneachta (*innéacs*)	*100*	*111*	*88*	*87*

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir maicreacnamaíoch agus ar an gceistneoir micreacnamaíoch.

(118) Tháinig laghdú 30 % ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níor sonraí fós, mhéadaigh sé 11 phointe céatadáin in 2018 agus ansin laghdaigh sé 36 phointe céatadáin in 2019 agus 5 phointe céatadáin eile ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Laghdú ar thomhaltas an Aontais mar a mhínítear in aithris (102) thuas ba chúis leis an laghdú sin.

(119) Tháinig laghdú foriomlán 20 % ar an acmhainneacht táirgeachta thar an tréimhse faoi bhreathnú, go príomha mar gheall ar an laghdú ar éileamh an mhargaidh agus aistriú na línte táirgthe ina dhiaidh sin chuig táirgí difriúla, toisc go n-úsáidtear an líne tháirge chéanna le haghaidh cineálacha éagsúla táirgí, lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú.

(120) D'fhág an laghdú ar mhéid na táirgeachta agus ar an acmhainneacht táirgeachta san am céanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur tháinig laghdú measartha ar an úsáid acmhainneachta, is é sin 13 % sa tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(121) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Méid na ndíolachán (in kg) agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Díolacháin (*innéacs*)	*100*	*99*	*76*	*71*
An sciar den mhargadh	99,7 %	99,8 %	99,8 %	99,4 %
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Díolacháin an mhargaidh faoi chuing	0	0	0	0

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir maicreacnamaíoch agus ar an gceistneoir micreacnamaíoch

(122) Tháinig laghdú mór 29 % ar dhíolacháin iomlán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níos sonraí fós, d'fhan díolacháin a bheith measartha cobhsaí ó 2017 go dtí 2018, agus ansin laghdaigh siad 23 phointe céatadáin in 2019 agus 5 phointe céatadáin eile ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. An cúngú ar éileamh an mhargaidh san Aontas mar a mhínítear in aithris (102) thuas ba chúis leis an laghdú sin.

(123) Mar gheall ar éifeachtaí na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm in aghaidh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín, agus nach bhfuil táirgeacht mhór an táirge faoi athbhreithniú ag aon tír seachas an tAontas agus an tSín, bhí sciar ceannasach den mhargadh i gcónaí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin 99,4 %.

5.5.2.3. Fás

(124) Ó tharla gur tháinig laghdú 29 % ar thomhaltas an Aontais agus ar mhéid na ndíolachán ag tionscal an Aontais ar araon le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níor tháinig athrú ar an sciar den mhargadh.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(125) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe (*innéacs*)	*100*	*133*	*125*	*125*
Táirgiúlacht (innéacs)	*100*	*94*	*67*	*64*

Foinse: freagraí fíoraithe ar an gceistneoir maicreacnamaíoch agus ar an gceistneoir micreacnamaíoch

(126) Tháinig laghdú 25 % ar an bhfostaíocht i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, tháinig laghdú 36 % ar an táirgiúlacht thar an tréimhse chéanna mar gheall ar an laghdú ar éileamh an mhargaidh agus an laghdú ar tháirgeacht ina dhiaidh sin.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(127) Mar a mhínítear in aithris (86) go (88), bhí an corrlach dumpála a socraíodh díreach faoi bhun 45 %. Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. San athbhreithniú éaga a bhí ann roimhe seo, léirigh tionscal an Aontais go raibh sé ag téarnamh ón tionchar a bhí ag dumpáil san am atá thart. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú in imscrúdú an athbhreithnithe éaga seo, leanadh den phróiseas téarnaimh mar a léiríodh go sonrach leis an gcaoi go raibh na brabúis ar leibhéil shláintiúla le linn na tréimhse ar fad, mar a leagtar amach thíos, cé go raibh an margadh ag crapadh.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(128) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ag Plansee SE le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/kg)

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (*innéacs*)	*100*	*99*	*108*	*100*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid (innéacs)	*100*	*107*	*118*	*100*

Foinse: Freagra fíoraithe ar an gceistneoir

(129) D'fhan meánphraghas díola aonaid ag tionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, seachas in 2019 nuair a tháinig méadú 8 bpointe céatadáin ar an meánphraghas i gcomparáid le 2017.

(130) D'fhan meánphraghas díola aonaid a bhí ag tionscal an Aontais measartha cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur go headrannach, in 2018, tháinig méadú 7 bpointe céatadáin ar an gcostas aonaid agus méadú 11 phointe céatadáin eile i gcomparáid le 2017.

5.5.3.2. Costais saothair

(131) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí - *innéacs* (EUR)	*100*	*142*	*114*	*115*

Foinse: Freagra fíoraithe ar an gceistneoir

(132) Tháinig méadú 15 % ar na costais saothair in aghaidh an fhostaí thar an tréimhse faoi bhreathnú, le méadú géar eadrannach 42 % in 2018.

5.5.3.3. Fardail

(133) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar na leibhéil stoic a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh - *innéacs* (kg)	*100*	*72*	*142*	*115*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht - *innéacs*	*100*	*57*	*171*	*144*

Foinse: Freagra fíoraithe ar an gceistneoir

(134) Ní raibh sna fardail ach céatadán an-bheag de tháirgeacht iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, níor measadh go raibh an toisc sin fóinteach le haghaidh an mheasúnaithe ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(135) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara - *innéacs* (% de láimhdeachas na ndíolachán)	*100*	*56*	*45*	*83*
Sreabhadh airgid - *innéacs* (EUR)	*100*	*87*	*61*	*112*
Infheistíochtaí - *innéacs* (EUR)	*100*	*728*	*2 772*	*4 901*
An toradh ar infheistíochtaí - *innéacs*	*100*	*30*	*38*	*60*

Foinse: Freagra fíoraithe ar an gceistneoir

(136) Shuigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(137) Tháinig laghdú 44 phointe céatadáin ar bhrabúsacht thionscal an Aontais ó 2017 go 2018 agus in 2019 laghdaigh sé 9 bpointe céatadáin ina dhiaidh sin agus tháinig méadú 38 bpointe céatadáin air i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, tháinig laghdú 17 % ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(138) Cé gur laghdaigh an bhrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan sí ar leibhéil arda.

(139) Is ionann an glansreabhadh airgid agus an cumas atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí forbairt dhearfach ar an treocht maidir le glansreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach i gcomparáid le 2017, in 2017 bhí sé 13 % níos ísle agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí sé 12 % níos airde sa deireadh.

(140) Tháinig méadú suntasach ar na hinfheistíochtaí i gcomparáid le 2017 agus go háirithe le linn 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar uasghrádú ar líne tháirge Plansee SE go príomha.

(141) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig laghdú ar an toradh ar infheistíocht ó tháirgeadh agus díol an táirge chomhchosúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin bhí laghdú níos suntasaí ann sna blianta 2018 agus 2019 agus théarnaigh an táscaire go mór, agus é 40 % níos ísle ná in 2017 sa deireadh.

5.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(142) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 29 % ar thomhaltas an Aontais, agus cé go raibh sciar margaidh gar do 100 % ag tionscal an Aontais, bhí tionchar diúltach ag an laghdú sin ar an éileamh ar roinnt táscairí díobhála.

(143) Cé go raibh an bhrabúsacht ar leibhéil shláintiúla fós i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, laghdaigh sé 17 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí forbairt dhiúltach ag roinnt de na táscairí díobhála eile amhail táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta agus méid na ndíolachán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go sonrach, tháinig laghdú 30 % ar an méid táirgeachta, laghdú 20 % ar an acmhainneacht táirgeachta, laghdú 13 % ar an úsáid acmhainneachta agus 29 % ar mhéid na ndíolachán, agus is é cúngú éileamh an mhargaidh san Aontas ba chúis leis an méid sin go léir. Tháinig feabhas ar tháscairí eile, amhail líon na bhfostaithe (faoi 25 %) agus an sreabhadh airgid (faoi 12 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(144) Ba an-íseal iad méid na n-allmhairí ón tSín nó ó thíortha eile isteach san Aontais. San athbhreithniú éaga roimhe seo, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín mar gheall ar chleachtais imchéimniúcháin go príomha ar cuireadh stad leo idir an dá linn tar éis fhorchur na mbeart frith-imchéimniúcháin in 2013 agus 2015.

(145) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(146) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tuilleadh scrúdaithe ar an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís arbh iad allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ba chúis leis an díobháil i dtosach báire, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

6. AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS

(147) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (145) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, féachaint an dócha go dtarlóidh an díobháil arís má ligfear do na bearta dul in éag.

(148) I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais mar aon le leibhéal na bpraghsanna is dócha a bheadh ar allmhairí ón tSín in éagmais na mbeart frithdhumpála agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar thionscal an Aontais.

6.1. An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne

(149) Ar bhonn na hiarrata, tá acmhainneacht táirgeachta thart ar 3 500 tona ina aghaidh na bliana ag táirgeoirí na Síne, méid atá breis agus a 19 n-oiread thomhaltas an Aontais.

6.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus iompraíocht phraghsála i dtríú tíortha

(150) Tá margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh a mhéide agus a phraghsanna de agus mar gheall ar thábhacht thionscal mótarfheithiclí an Aontais freisin. Roimhe seo, léirigh táirgeoirí Síneach arís agus arís eile go raibh suim acu i margadh an Aontais trí iarracht a dhéanamh na bearta frithdhumpála a imchéimniú. Ina theannta sin, bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín leis an Aontais níos ísle ná na praghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig tríú tíortha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(151) In éagmais cainníochtaí suntasacha a bheith díolta ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontais, rinne an Coimisiún anailís freisin ar a n-iompraíocht phraghsála agus iad ag onnmhairiú chuig tríú tíortha. Ar an meán, díolann táirgeoirí na Síne ar phraghsanna atá [28-37] % níos ísle ná an meánphraghas a ghearrann tionscal an Aontais. Dá réir sin, tá dreasacht láidir ag táirgeoirí onnmhairiúcháin a ndíolacháin a atreorú chuig margadh an Aontais má ligfear do na bearta dul in éag.

(152) Dá bhrí sin meastar go bhfuil margadh an Aontais an-tarraingteach do tháirgeoirí na Síne agus is féidir teacht ar an gconclúid go n-úsáidfí na hacmhainneachtaí breise sa tSín, go páirteach ar a laghad, chun méadú suntasach a dhéanamh ar allmhairí chuig margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte, má rachaidh na bearta in éag.

6.3. **Cásanna féideartha i gcás dhul in éag na mbeart**

(153) Is dócha go mbeadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín mar gheall ar tharraingteacht mhargadh an Aontais mar a shonraítear in aithris (93) agus (150). Ó tharla gur táirge sách aonchineálach í an tsreang molaibdéinim ó thaobh cáilíochta de, is é leibhéal na bpraghsanna an toisc is tábhachtaí nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi cheannach ó tháirgeoirí an Aontais nó ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Thairis sin, agus mar a rinneadh anailís air san athbhreithniú éaga roimhe seo, léiríonn an laghdú tobann ar allmhairí Síneacha mar fhreagairt ar na bearta frithdhumpála agus frith-imchéimniúcháin gur féidir le custaiméirí athrú go héasca chuig an soláthróir a bhfuil an praghas is iomaíche aige (i.e. ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig tháirgeoirí an Aontais, sin nó a mhalairt i gcás ina dtéann na mbearta in éag).

(154) Ar na cúiseanna sin, is dócha go mbeidh ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a laghdú, chun dochar dá mbrabúsacht, sin nó chun leibhéal na bpraghsanna díola a choimeád agus méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh a ghéilleadh d'onnmhaireoirí na Síne. Is cosúil go mbeidh meascán de na cásanna sin níos réadúla fós. Sa deireadh, d'fhágfadh sin go mbeadh brú síos praghsanna agus caillteanais ann agus go n-aisghabhfadh allmhairí ón tSín an sciar den mhargadh a bhí acu roimh fhorchur na mbeart.

(155) Chun measúnú cainníochtúil a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bheidh ag allmhairí ón tSín ar staid airgeadais thionscal an Aontais, rinne an Coimisiún ionsamhlú. Ionsamhlaíodh dhá chás, eadhon borradh allmhairí ón tSín (i) ar leibhéal mhéideanna allmhairiúcháin na Síne le linn tréimhse imscrúdúcháin an cháis bunaidh in 2009 (i.e. ón 1 Aibreán 2008 go dtí an 31 Márta 2009) ach ag an leibhéal praghais céanna a ghearr tionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara agus (ii) ar leibhéal an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an cháis bunaidh siar in 2009 agus iad ag gearradh faoi phraghsanna thionscal an Aontais faoi 15 %. Ó tharla go raibh praghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha [28-37] % ar an meán ná na praghsanna a ghearr tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, an figiúr a roghnaíodh le haghaidh an tsladghearrtha (15 %), is figiúr an-choimeádach é ó tharla gur suíodh gur [52-67] % a bhí sa sladghearradh iarbhír le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, chun costas hipitéiseach an táirgthe a chinneadh, chuir an Coimisiún san áireamh an sciar de na costais sheasta in aghaidh chostais táirgthe iomlán na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(156) Sa chéad chás, laghdódh brabúsacht an Aontais síos go – [15 - 24] %.

Sa dara cás, laghdódh brabúsacht an Aontais síos go – [25 - 33] % fiú.

(157) Sa dá chás choimeádacha sin, d'fhágfadh an tionchar a d'imreodh allmhairí na Síne go mbeadh tionscal an Aontais thar a bheith neamhbhrabúsach.

(158) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa na mbeart.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(159) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(160) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(161) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go ndéanfaí an chonclúid nach bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus go dtarlódh an díobháil arís.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(162) Bhí tionchar dearfach ag na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar thionscal an Aontais agus lig siad dó téarnamh ón dumpáil a tharla roimhe seo le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(163) Mar sin féin, má ligfear do na bearta dul in éag, ba é conclúid an Choimisiún go bhfuil dóchúlacht láidir ann go dtarlóidh an dumpáil arís i bhfianaise a tharraingtí atá margadh an Aontais, na n-acmhainneachtaí breise atá ar fáil sa tSín, iompraíocht phraghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín agus an imchéimnithe a rinneadh roimhe seo.

(164) Dá bhrí sin, na bearta frithdhumpála ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne, ba é conclúid an Choimisiún go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais na bearta sin a choinneáil ar bun.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí, na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí neamhghaolmhara**

(165) D'iarr an Coimisiún ar allmhairí neamhghaolmhara, trádálaithe agus úsáideoirí teacht chun cinn ach ní bhfuair sé aon fhreagra ar an gceistneoir.

(166) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil a léirigh go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na hallmhaireoirí ná ar na húsáideoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart ar thionscal an Aontais.

(167) Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiún nach mbeadh aon tionchar tábhachtach ar allmhaireoirí, trádálaithe ná ar úsáideoirí an Aontais dá gcoinneofaí na bearta ar bun.

7.3. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(168) I bhfianaise an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiún nárbh ann d'aon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach bhfuil sé chun leas an Aontais bearta sealadacha a choinneáil ar bun ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne. Bheadh sé chun leasa an tionscail de chuid an Aontais bearta a choinneáil ar bun agus ní dhéanfaí díobháil do staid úsáideoirí ná allmhaireoirí san Aontas dá dheasca sin.

8. **FORÁLACHA DEIRIDH**

(169) De bhrí na mbreithnithe thuas, faoi Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí sreinge molaibdéinim de thionscnamh na Síne, ar bearta iad a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1046, is bearta iad ba cheart a choinneáil ar bun. Dá réir sin, ba cheart leathnú na mbeart tar éis na n-imscrúduithe frith-imchéimniúcháin a luaitear in aithris (2) a choinneáil ar bun freisin.

(170) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint nan hEorpa agus ón gComhairle ([54]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart an t-ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(171) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear leis seo dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sreinge molaibdéinim, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,95 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, nár cuireadh chun bealaigh ón Malaeisia, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8102 96 00 (cód TARIC 8102 96 00 19).

([54]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. 64,3 % a bheidh sa dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1.

Airteagal 2

An dleacht a leagtar amach in Airteagal 1(2), leathnaítear í leis seo chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 99,95 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8102 96 00 (cód TARIC 8102 96 00 11), arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh.

Airteagal 3

An dleacht a leagtar amach in Airteagal 1(2), leathnaítear í leis seo chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim isteach san Aontas, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 1,35 mm ach nach mó ná 4,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8102 96 00 (cód TARIC 8102 96 00 30).

Airteagal 4

An dleacht a leagtar amach in Airteagal 1(2), leathnaítear í leis seo chun go gcumhdófar allmhairí sreinge molaibdéinim, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 97 % ar a laghad de mholaibdéineam, ag a bhfuil uastoise trasghearrthach is mó ná 4,0 mm ach nach mó ná 11,0 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8102 96 00 (cóid TARIC 8102 96 00 20 agus 8102 96 00 40).

Airteagal 5

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN